**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023***

# *Staidéar Foirgníochta*

## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(200 marc)***

***Dé hAoine, 16 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 - 4:30***


***(a)*** *Freagair **ceithre** cheist **ar bith**.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Ba chóir sceitsí néata saorláimhe a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór an t-ainm, na méideanna, na toisí agus na sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar na líníochtaí.*

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**1.** Taispeántar sa sceitse an balla seachtrach agus an chéad urlár adhmaid ar theach cónaithe. Is blocbhalla coincréite 400 mm é an balla seachtrach agus tá cuas láninslithe ann. Tá an balla plástráilte ar an dá thaobh. Is iad toisí ghiarsaí an chéad urláir ná 225 mm × 50 mm, agus tá siad feistithe sa bhalla seachtrach le crochadáin ghiarsa. Tá bailchríoch crua-adhmaid le teanga agus eitre ar dheicre sraithadhmaid 20 mm ar an urlár, agus tá síleáil phlástarchláir faoina bhun.

**(a)** De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus tríd an chéad urlár. Taispeáin ar do líníocht na sonraí tipiciúla tógála ó leibhéal atá 400 mm faoi bhun na síleála plástarchláir go leibhéal atá 400 mm os cionn an urláir chrua-adhmaid. Taispeáin leithead 900 mm den urlár inmheánach. Cuir isteach **ceithre** thoise thipiciúla.



**(b)** Taispeáin ar do líníocht na sonraí tipiciúla dearaidh chun an duille amuigh a cheangal leis an duille istigh ar an balla seachtrach.

**2.** Sa sceitse, taispeántar seanteach nach bhfuil aon insliú ann. Fuair úinéir an tí deontas chun airíonna fuinnimh an tí a uasghrádú. Tá sé beartaithe acu tosú agus insliú seachtrach a chur le ballaí an tí.

**(a)** Pléigh **dhá** chúis a bhfuil deontais uasghrádaithe fuinnimh ar fáil do sheantithe.



**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin modh oiriúnach **amháin** le córas inslithe seachtrach a chur leis an teach. Ainmnigh an saghas inslithe atá le húsáid agus scríobh síos a tiús.


**(c)** Ar sceitse ar leith, agus nótaí agus sceitsí saorláimhe á n-úsáid agat, taispeáin uasghrádú fuinnimh **amháin** eile is féidir leis an úinéir a dhéanamh ar an teach.

**3.** Taispeántar sa sceitse teach cónaithe agus bailitheoir gréine ar an díon. Soláthraíonn an bailitheoir gréine uisce te do mhuintir an tí.

**(a)** Tarraing sceitse mór saorláimhe den teach a thugtar. Taispeáin ar do sceitse an phíbobair atá riachtanach chun an bailitheoir gréine a nascadh leis an sorcóir don uisce te agus chun **uisce te** a sholáthar do chithfholcadán.

Bíodh na nithe seo a leanas sa sceitse agat:

- an sreabhphíobán agus an píobán aisfhillidh
- soitheach borrtha
- an phíbobair go dtí an cithfholcadán
- na comhlaí riachtanacha uile.



**(b)** Pléigh **dhá** chúinse nach mór a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh painéil ghréine a shuíomh ar theach.


**4.** Taispeántar sa sceitse an díon ar theach atá á thógáil. Tá sé beartaithe ag úinéirí an tí rachtaí trusáilte réamhdhéanta a úsáid chun an díon a thógáil.

**(a)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le rachtaí trusáilte réamhdhéanta a úsáid chun díon a thógáil.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitse saorláimhe, agus taispeáin na sonraí tipiciúla tógála den tslí a gceanglaítear na rachtaí trusáilte ar bhalla seachtrach an tí.

Bíodh na nithe seo a leanas sa sceitse agat:


- balla seachtrach
- maide balla
- rachta trusáilte
- pláta tairneála
- fáiscín don trus.



**(c)** Ainmnigh ábhar bailchríche atá oiriúnach do dhíon an tí agus tabhair **dhá** chúis le do rogha.

**5.** Taispeántar sa sceitse an sceimheal ar dhíon leibhéalta. Tá an díon clúdaithe le scannán uiscedhíonach, ar insliú docht 150 mm, ar dheicre de shraithadhmad 20 mm, atá á iompar ar stiallacha claonta. Tá na giarsaí adhmaid 200 mm × 50 mm agus tá síleáil de phlástarchlár fúthu. Is blocbhalla coincréite 400 mm é an balla seachtrach a iompraíonn an díon, agus tá cuas láninslithe ann. Tá an balla rindreáilte ar an dá thaobh.

**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus trí sceimheal an dín leibhéalta. Taispeáin ar an líníocht na sonraí tipiciúla tógála ó leibhéal atá 450 mm faoi bhun an mhaide balla, tríd an mballa seachtrach agus tríd an sceimheal.
Taispeáin fad 900 mm de ghiarsa an dín.




**(b)** Taispeáin ar do líníocht na sonraí tipiciúla dearaidh a chinntíonn go mbíonn an cuas dúnta ag leibhéal an mhaide balla.

**6.** **(a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór cloí leo i seomra an Staidéir Foirgníochta i n**gach** ceann de na cásanna seo a leanas:


- preabshábh a úsáid
- greamachán eapocsach a úsáid.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus déan cur síos ar **thrí** réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór cloí leo agus adhmad á dheileadh ar an deil.
Tabhair fáth **amháin** le gach réamhchúram sábháilteachta a luaitear.



**(c)** Pléigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach timpeallacht eagraithe shlachtmhar a choinneáil i seomra an Staidéir Foirgníochta.

**7.** Taispeántar dréacht-dearadh le haghaidh seomra fóntais i dteach nua.
Taispeántar suíomh an dorais sheachtraigh, suíomh fuinneoige agus suíomh an dorais go dtí an chistin.



**(a)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le seomra mór fóntais a chur san áireamh agus teach nua á dhearadh.

**(b)** Tarraing sceitse mór saorláimhe den dearadh a thugtar agus taispeáin an suíomh is rogha leat do **gach** ceann díobh seo a leanas sa seomra fóntais:

- doirteal
- meaisín níocháin
- aonaid stórála
- áit le suí / le bróga a stóráil.

Tabhair fáth **amháin** le **gach** suíomh a roghnaigh tú.

**(c)** Mol clúdach urláir a bheadh oiriúnach don seomra fóntais agus tabhair **dhá** chúis le do rogha.

**8.** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- meascthóir coincréite
- gloiniú triarach
- béalalt
- comhla radaitheora chliste
- balastair
- sorn a dhónn millíní adhmaid
- tíl mhullaigh
- cumhdach céadair
- scríd urláir.

**9.** Taispeántar sa sceitse an bealach tosaigh isteach i dteach leathscoite. Tá sé ar intinn ag na húinéirí an bealach tosaigh isteach a athrú chun go mbeidh sé oiriúnach lena úsáid ag duine a bhfuil luaineacht theoranta aige/aici.



**(a)** Mol ábhar oiriúnach le haghaidh doras tosaigh nua agus tabhair **dhá** chúis le do rogha.

**(b)** Agus nótaí agus sceitsí saorláimhe á n-úsáid agat, taispeáin **dhá** athrú ar an mbealach tosaigh isteach a d'fhágfadh go mbeadh rochtain ar an teach ag duine a bhfuil luaineacht theoranta aige/aici.

**(c)** Pléigh **dhá** chúis a dteastódh ó úinéirí an tí bealach tosaigh isteach a dhéanamh a mbeadh rochtain ag gach duine air.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023**
**Leaving Certificate Examination, 2023**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 1 / Lá 1*

***Duration: 4:00 hours***
***Fad: 4:00 uair an chloig***


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.


Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


# Jewellery Stand
# Seastán Seodra





Elevation/Aghaidhchló




End View/Taobhchló





Plan/Bonnchló



Shaping of the edges **must** be completed by the candidate.

**Is faoin iarrthóir atá sé** na corra a chríochnú.




Slope of dovetail: 1:6

Claonadh an déid: 1:6

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

# Jewellery Stand
# Seastán Seodra



Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023**
**Leaving Certificate Examination, 2023**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 2 / Lá 2*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.


Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


# Jewellery Stand
# Seastán Seodra





End View/Taobhchló




Elevation/Aghaidhchló





Plan/Bonnchló



Shaping of the edges **must** be completed by the candidate.

**Is faoin iarrthóir atá sé** na corra a chríochnú.




Slope of dovetail: 1:6

Claonadh an déid: 1:6

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Jewellery Stand**
**Seastán Seodra**



Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023**
**Leaving Certificate Examination, 2023**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 3 / Lá 3*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.


Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


# Jewellery Stand
# Seastán Seodra




End View/Taobhchló





Elevation/Aghaidhchló





Plan/Bonnchló

Shaping of the edges **must** be completed by the candidate.

**Is faoin iarrthóir atá sé** na corra a chríochnú.






Slope of dovetail: 1:6

Claonadh an déid: 1:6

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Jewellery Stand**
**Seastán Seodra**



Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.